Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

15193/26

PECHE 457
DELACT 172

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	30 Deireadh Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 7669 final
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 30.10.2026 lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/2056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na sonraíochtaí le haghaidh bearta maolaithe maidir le héanlaith mhara

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 7669 final.

Faoi iamh: C(2026) 7669 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.10.2026
C(2026) 7669 final

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

an 30.10.2026

lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/2056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na sonraíochtaí le haghaidh bearta maolaithe maidir le héanlaith mhara

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is cuspóir don Rialachán Tarmligthe Rialachán (AE) 2022/2056[1] a leasú chun na hathruithe is déanaí ar bhearta caomhnaithe agus bainistíochta (CMManna) an Choimisiúin Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir (WCPFC), a glacadh ag an 22ú Seisiún Tráthrialta dá chuid i mí na Nollag 2025, a chur chun feidhme.

Tá an Rialachán Tarmligthe seo bunaithe ar WCPFC CMM 2025-05, arb é is aidhm dó tionchar na hiascaireachta ar éanlaith mhara a mhaolú. Leasaítear agus ionadaítear CMM 2018-03 le WCPFC CMM 2025-05 agus tá sé ina cheangal ar na páirtithe conarthacha uile sa Choinbhinsiún, lena n-áirítear an tAontas ón 3 Feabhra 2026. Leis an Rialachán Tarmligthe seo, cuirtear chun feidhme i ndlí an Aontais é.

2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Tá codanna teicniúla de WCPFC CMM 2025-05 sa Rialachán Tarmligthe. Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit roimh chruinnithe WCPFC inar glacadh na codanna sin de WCPFC CMM 2025-05 agus le linn na gcruinnithe sin, agus chuathas i gcomhairle leo le linn na caibidlíochta ag cruinnithe bliantúla WCPFC.

Cuireadh an Rialachán Tarmligthe faoi bhráid na gcomhreachtóirí le haghaidh comhairliúchán ar leibhéal na saineolaithe, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[2].

3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2056 leis an Rialachán Tarmligthe.

[1] Rialachán (AE) 2022/2056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus bainistíochta is infheidhme i Limistéar an Choinbhinsiúin Iascaigh san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 276, 6.22, lch. 1) ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2056/oj.

[2] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, Comhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

an 30.10.2026

lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/2056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na sonraíochtaí le haghaidh bearta maolaithe maidir le héanlaith mhara

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus bainistíochta is infheidhme i Limistéar an Choinbhinsiúin Iascaigh san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle [3], agus go háirithe Airteagal 41(1), pointe (g), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is páirtí é an tAontas sa Choinbhinsiún maidir le Stoic Éisc Mhórimirceacha san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir a Chaomhnú agus a Bhainistiú (an 'Coinbhinsiún'), lena mbunaítear an Coimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir (WCPFC), ar Coinbhinsiún é a formheasadh le Cinneadh 2005/75/CE ón gComhairle[4].

(2) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí ag WCPFC i mí na Nollag 2025, leasaigh sé a bhearta caomhnaithe agus bainistíochta (CMManna), agus go háirithe Iarscríbhinn 1 a ghabhann le CMM 2025-05, arb é is aidhm dó tionchar na hiascaireachta ar éanlaith mhara a mhaolú.

(3) Ba cheart na hathruithe sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais freisin. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2022/2056 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2056 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

[3] IO L 276, 26.10.2022, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2056/oj.

[4] Cinneadh 2005/75/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 2004 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gCoinbhinsiún maidir le Stoic Mhórimirceacha Éisc san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir a Chaomhnú agus a Bhainistiú (IO L 32, 4.2.2005, lch. 1.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit uile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30.10.2026

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN